**Nótaí Cruinnithe**

| An tSraith Shóisearach Nuatheangacha Iasachta | Meitheal Forbartha Cruinniú 1<br>An 30 Eanáir 2024<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte agus Forbhreathnú ar an Obair** | Chuir an Feidhmeannas forbhreathnú ar an obair, na hamlínte, struchtúir CNCM agus obair na Meithleacha Forbartha i láthair. |
| **Clár Oibre, Rialachas agus Coimhlintí Leasa** | Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh bhaill na meithle.<br>Níor cuireadh aon rialachas ná coimhlint leasa in iúl. |
| **Cur in aithne agus prótacail le haghaidh cruinnithe** | Thug an mheitheal faoi ghníomhaíocht ghearr chun aithne a chur ar bhaill eile na meithle agus iad féin a chur in aithne dóibh.<br>Rinne an mheitheal machnamh ar phrótacail a bhaineann le cruinnithe a reáchtáil. |
| **Torthaí agus Moltaí na Tuairisce ar Chur i bhFeidhm Luath (EER)** | Tugadh forbhreathnú ar an EER, lena n-áirítear achar ama, an cuspóir, agus na modhanna rannpháirteachais. Cuireadh príomhréimsí an aiseolais dhearfaigh agus na dúshláin a tháinig chun cinn san aiseolas i láthair. Cuireadh forbhreathnú ar fhreagraí molta ar na dúshláin sin i láthair. Rinne an mheitheal torthaí agus moltaí na tuairisce a mheá agus a phlé. |
| **Tuairisc ar Chur i bhFeidhm Luath (EER): Leasuithe agus nuashonruithe ar shonraíocht NTI na Sraithe Sóisearaí** | D'oibrigh baill na meithle i ngrúpaí níos lú chun codanna na sonraíochta a mheas i ngníomhaíocht rothlach maidir leis an Treoir, ag tabhairt moltaí nó smaointe le haghaidh athbhreithnithe nó nithe breise chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí leagtha síos san EER. Thug gach meitheal achoimre ghairid aiseolais. |
| **Athmhachnamh agus na Chéad Chéimeanna Eile** | **An Chéad Chruinniú Eile:** An 07 Feabhra 2024<br>Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na baill as a bheith i láthair agus as a rannpháirtíocht i rith an chruinnithe.<br>Cuirfidh an Feidhmeannas an t-aiseolas agus an t-ábhar go léir i dtoll a chéile. |